



An Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta

*The International Protection Appeals Tribunal*

# An Binse Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta

**Tuarascáil Bhliantúil 2024**






# Clár Ábhair

<b>Ráiteas Misin</b>	<b>5</b>
<b>I. Brollach ó Chathaoirleach an Bhinse Hilka Becker</b>	<b>6</b>
<b>1. Réamhrá</b>	<b>7</b>
Sracfhéachaint ar an mBinse in 2024	9
<b>2. Maidir leis an mBinse</b>	<b>10</b>
2.1. Bunú agus Dlíne	10
2.2. Comhaltas an Bhinse	11
<b>3. Caighdeáin agus Cleachtais an Bhinse</b>	<b>12</b>
3.1. Ráiteas Straitéise an Bhinse 2024–2026	12
3.2. Dualgas um Chomhionannas agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí	13
3.3. Nóta Cleachtais Riaracháin	13
<b>4. Cáilíocht agus Comhsheasmhacht na Cinnteoireachta</b>	<b>14</b>
4.1. Oiliúint ag an mBinse	14
4.2. Cruinniú Reachtúil den Bhinse	15
4.3. Córas Iniúchta Cáilíochta	16
4.4. Treoirínte an Chathaoirligh Eisiithe in 2024	16
4.5. Monatóireacht ar Athbhreithnithe Breithiúnacha	17
4.6. Comhdháil Dhébhlíantúil Chaibidil Eorpach Chumann Idirnáisiúnta na mBreithiúna Dídeanaithe agus Imirce (IARMJ)	19
<b>II. Achoimre Fheidhmeach an Chláraitheora</b>	<b>21</b>
<b>5. Cláraitheoir agus Riarachán na Cúirte</b>	<b>22</b>
5.1. Leibhéal Foirne an Bhinse amhail 31/12/24	22
5.2. Forbairt agus Oiliúint Chomhaltaí Foirne an Bhinse	23
5.3. Nuashonrú ar Nuachóiriú	23
<b>6. Tuarascáil Airgeadais</b>	<b>24</b>
6.1. Cinntí arna n-eisiúint ag Comhaltaí lánaimseartha agus páirtaimseartha den Bhinse in 2024	24

<b>7.</b>	<b>Staidreamh</b>	<b>28</b>
7.1.	Achoimre – Líon Cásanna an Bhinse 2024	28
7.2.	Achoimre – Cineálacha Achomharc a Fuarthas in 2024	28
7.3.	Gach Achomharc a Fuarthas in 2024	29
7.4.	Líon na nÉisteachtaí a bhí Sceidealaithe in 2024	30
7.5.	‘Daoine nár Tháinig’ agus Aistarraingtí/Aistarraingtí Measta 2024	31
7.6.	Líon a Cuireadh Siar agus a Cuireadh ar Atráth	31
7.7.	Líon na gCinntí a Eisíodh in aghaidh na Míosa	32
7.8.	Gach Cinneadh a Eisíodh in 2024	33
7.9.	Achoimre ar Achomhairc ar Feitheamh an 31 Nollaig 2024	33
7.10.	Fad an Phróisis Achomhairc	34
7.11.	Achomhairc Shubstainteacha um Chosaint Idirnáisiúnta a Glacadh in 2024 de réir Tír Thionscnaimh	35
7.12.	Achomhairc Nós Imeachta Aonair um Chosaint Idirnáisiúnta 2024 (Toradh na nAchomharc)	36
7.13.	Anailís ar Mholtaí Nós Imeachta Aonair IP Deimhnithe um Chosaint Idirnáisiúnta 2017 go 2024	36
7.14.	Achoimre ar Chinntí Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta de réir na tíre náisiúntachta – deimhnithe agus curtha ar leataobh in 2024	37
7.15.	Anailís ar Chinntí Rialachán Bhaile Átha Cliath III 2015 go 2024	37
7.16.	Anailís ar Chinntí Rialachán Bhaile Átha Cliath 2015 go 2024	38
7.17.	Cinntí Neamh-inghlacthachta a Deimhníodh (alt 21)	38
7.18.	Cinntí Iarratais ina Dhiaidh sin a Deimhníodh (alt 22)	38

## Ráiteas Misin

Is é **misean** an **Bhinse Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta** leigheas éifeachtach a sholáthar laistigh den chóras cosanta idirnáisiúnta atá ar an gcaighdeán is airde agus é sin a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtaí, is inbhuanaithe agus is dírithe ar an úsáideoir, ag cinntiú go gcomhlíontar dlí náisiúnta, dlí an AE agus dlí idirnáisiúnta.



# Brollach ó Chathaoirleach an Bhinse Hilkka Becker

Is cúis mhór áthais agus bróid dom an Tuarascáil Bhliantúil seo a thíolacadh don Aire Dlí agus Cirt, an tUasal Jim O'Callaghan TD.

Le linn 2024, lean an Binse Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta ag cur go mór leis an gcóras cosanta idirnáisiúnta anseo in Éirinn, ag déanamh an chórais níos éifeachtaí agus ag cinntiú go bhfuil sé comhsheasmhach le cothroime agus ceartas nádúrtha, agus ag comhlíonadh na feidhme grinnscrúdaithe breithiúnach dá bhforáiltear sa Treoir um Nósanna Imeachta Tearmainn 2005/85, Rialachán Bhaile Átha Cliath III agus an Treoir maidir le Dálaí Glactha.

Chuir bearta nuachóirithe, lena n-áirítear an t-aistriú chuig comhaid achomhairc um chosaint idirnáisiúnta atá go hiomlán digiteach agus bearta chun ráta iarchurtha éisteachtaí an Bhinse a laghdú, a tugadh isteach trí thionscnaimh fhoireann riaracháin an Bhinse faoi stiúir an Chláraitheora George Sinclair, i gcomhar le Comhaltaí an Bhinse, ar chumas an Bhinse a inrochtaineacht agus a tháirgiúlacht a mhéadú tuilleadh.

Marthoradh ar mhéadú suntasach ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta atá á ndéanamh in Éirinn ó 2022, tá méadú suntasach eile tagtha ar na hachomhairc a tháinig chuige in 2024 ag an mBinse, méadú 85% eile go 8,835 achomharc nua, i gcomparáid le 4,775 sa bhliain roimhe sin.

Tá áthas orm a rá, trí úsáid a acmhainní a uasmhéadú chun tabhairt faoin mbrú sin, gur sháraigh an Binse a aschur réamh-mheasta d'achomhairc chríochnaithe in 2024 go 3,098 san iomlán, méadú de bhreis is 82% ó 1,701 achomharc a críochnaíodh in 2023 agus, maidir le hachomhairc a cuireadh isteach agus a cinneadh in 2024, gur mhéadaigh na hamanna próiseála airmheánacha go dtí corrlach 6 mhí. Ní mór a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil na hamanna próiseála foriomlána do na hachomhairc ar fad ardaithe go 10 mí anois, forbairt a d'eascair as

méadú beagnach 650% ar na hachomhairc a shroich an Binse le 24 mí anuas agus acmhainní gan a bheith i bhfeidhm luath go leor chun freastal ar an éileamh dá bharr.

Oibríonn foireann ardbhainistíochta an Bhinse go dlúth leis an Roinn Dlí agus Cirt d'fhonn a chinntiú go bhfuil agus gur féidir leis an mBinse líon dóthanach de Chomhaltaí an Bhinse agus foireann tacaíochta riaracháin agus dlí a choinneáil, chomh maith le cóiríocht shaincheaptha chun cumas imleor a chinntiú chun líon na n-achomharc atá ar feitheamh agus a bhfuiltear ag súil leo a phróiseáil. Tá sé ríthábhachtach go gcuireann an Binse acmhainní ar fáil do líon comhréireach atá coibhéiseach leis an líon foirne agus na cinnteoirí san Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta, mar aon le hiarrachtaí an Bhinse féin chun éifeachtúlachtaí a mhéadú tuilleadh, ionas go bhféadfaidh an Binse a bheith in ann freastal ar an éileamh a eascraíonn as méadú breise na n-achomharc a shamhlaítear in 2025 agus ina dhiaidh sin, agus iarracht á déanamh aige a chaighdeán ardcháilíochta cinnteoireachta a choinneáil de réir riachtanais dlí náisiúnta agus AE.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe go léir laistigh den Bhinse, comhghleacaithe sa Roinn Dlí agus Cirt, san Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta, in earnáil na ngníomhaireachtaí stáit agus i ngairm an dlí as a gcomhoibriú agus a dtacaíocht i rith na bliana, táim ag tnúth le bliain ghnóthach eile amach romhainn.



*Hilkka Becker*

Hilkka Becker  
Cathaoirleach

# 1. Réamhrá

In 2024, lean líon na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta de bheith ag leibhéal gan fasach, le 18,561 iarratas curtha isteach san Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta, rud a d'fhág go raibh ualach cásanna 22,548 ar feitheamh ar chosaint idirnáisiúnta ag deireadh na bliana. Bunaithe ar thaithí roimhe seo, is féidir a bheith ag súil, mar sin de, i dteannta leis an 9,705 achomharc a bhí ar feitheamh os comhair an Bhinse Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta ag deireadh 2024, go bhféadfadh os cionn 16,000 achomharc an Binse a bhaint amach in 2025, rud a mbeidh ualach cásanna iomlán measta de 25,000 mar thoradh air don bhliain atá romhainn.

Murab ionann agus an bhliain seo caite, ní léirítear an treocht seo ar fud an AE+, áit ar tháinig laghdú níos mó ná an deichiú cuid ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, atá fós faoi bhun figiúirí 2023 ar an iomlán<sup>1</sup>. Mar sin féin, ag deireadh na bliana 2024, bhí an líon cásanna is airde riamh ag feitheamh ar chinneadh céadchéime ar fud an AE+<sup>2</sup>.

Mar thoradh ar an treocht aníos leanúnach d'iarratais ar chosaint idirnáisiúnta atá á ndéanamh in Éirinn, tháinig méadú 85% eile ar líon na n-achomharc a shroich an Binse go 8,835 achomharc nua in 2024, i gcomparáid le 4,775 a cuireadh isteach an bhliain roimhe sin. Is ionann é seo agus méadú beagnach 650% thar thréimhse 24 mí. Agus cé gur chuir méaduithe éifeachtúlachta breise ar chumas an Bhinse 3,098 achomharc críochnaithe a sheachadadh – méadú 82% ar an mbliain roimhe sin – is ábhar imní é gur dhún an Binse an bhliain le 9,705 achomharc in ainneoin an iarracht is fearr a dhéanamh leis na hacmhainní a bhí ar fáil dó.

Ar nóta dearfach, maidir le hachomhairc a cuireadh isteach agus a cinneadh in 2024, níor mhéadaigh na hamanna próiseála airmheánacha ach beagán go 6 mhí. Ní mór a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil na hamanna próiseála foriomlána do na hachomhairc ar fad ardaithe go 10 mí anois, forbairt atá mar thoradh ar mhéadú beagnach 650% ar na hachomhairc a shroich an Binse le 24 mí anuas agus acmhainní nach bhfuil i bhfeidhm luath go leor chun freastal ar an éileamh dá bharr.

Tá an Binse fós tiomanta d'ardchaighdeán a chinnteoireachta a choinneáil, agus ráta na ndúshlán a bhaineann le hathbhreithnithe breithiúnacha i gcoinne a chinntí fós faoi bhun 7%. Ina theannta sin, cuirfear fáilte mhór roimh cheapachán Comhaltaí breise páirtaimseartha agus lánaimseartha den Bhinse in 2025, mar aon le soláthar taighdeoirí dlí don Bhinse chun a chumas taighde agus bainistíochta eolais a mhéadú.

Déanfaidh an Binse gach iarracht oiliúint a chur ar Chomhaltaí nuacheaptha, ar bord agus iad a choinneáil. Is é an chéad uair riamh i stair an Bhinse agus a réamhtheachtaí, an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe, dhá bhliain tar éis cáilíochta a bheith sa riachtanas cáilíochta do Chomhaltaí páirtaimseartha agus lánaimseartha an Bhinse, arna laghdú ó chúig bliana trí leasú reachtaíochta in 2024, agus is dócha go mbeidh gá le hathbhreithniú agus infheistíocht bhreise i soláthar oiliúna an Bhinse.

Lean formhór na n-éisteachtaí os comhair an Bhinse in 2024 ar aghaidh ag tarlú ó chian trí chiantheicneolaíocht closfhíse, céim ríthábhachtach chun rochtain ar an leigheas dlíthiúil a sholáthraíonn an Binse a fheabhsú de réir an dlí náisiúnta agus oibleagáidí na hÉireann faoi dhlí an AE.

Mar sin féin, mar a bhí anuraidh, lean an Binse ag taifead líon ard de chur siar éisteachta.

<sup>1</sup> <https://euaa.europa.eu/news-events/eu-asylum-applications-decrease-11-percent-in-2024>.

<sup>2</sup> <https://euaa.europa.eu/latest-asylum-trends-annual-analysis>.

## An Binse Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta Tuarascáil Bhliantúil 2024

Féadfaidh siad seo teacht chun cinn ar chúiseanna éagsúla. I bhformhór na gcásanna, deonaíodh an cur siar ar iarratas ó achomharcóir nó a ionadaí dlíthiúil ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear saincheisteanna teicniúla a chuireann cosc ar an achomharcóir páirt a ghlacadh in éisteacht físe fuaimne, an gá le ham breise d'ionadaí dlíthiúil chun ullmhú don éisteacht nó chun doiciméid ábhartha a fháil, nó cásanna nach raibh an t-ionadaí dlíthiúil ar fáil ar an dáta a bhí leagtha síos. Leanfaidh an Binse de bheith ag obair lena pháirtithe leasmhara chun líon na gcur ar athchló a laghdú, chun éifeachtúlachtaí a mhéadú tuilleadh, chun a chinntiú nach gcuirtear moill mhíchuí ar éisteachtaí.

D'fhonn sineirgí an Bhinse trasna an éiceachórais chosanta idirnáisiúnta a spreagadh agus a neartú, glacann Cathaoirleach an Bhinse, Leas-Chathaoirligh, Clárathóir an Bhinse agus Comhaltaí d'fhoireann riaracháin an Bhinse páirt go rialta i rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara d'fhonn, go háirithe, na seirbhísí a sholáthraíonn sé a fheabhsú tuilleadh. Áiríonn sé seo teagmháil rialta le Grúpa Úsáideoirí an Bhinse, ar a bhfuil beirt abhcóidí arna n-ainmniú ag Comhairle Bharra na hÉireann agus beirt aturnaí arna n-ainmniú ag Dlí-Chumann na hÉireann agus, ó 2024 i leith, áirítear leo freisin ionadaí ó oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe chomh maith le hionadaí ó Chomhairle Dídeanaithe na hÉireann – Ionad Dlí Neamhspleách.

Bhí ról gníomhach ag an mBinse i gcomhoibriú le páirtithe leasmhara freisin maidir le Clár Nuachóirithe na hOifige um Chosaint Idirnáisiúnta de chuid na Roinne Dlí agus Cirt, trína ionchur i gcomhairliúcháin ar chur i bhfeidhm Chomhshocrú an AE ar Imirce agus Tearmainn agus a rannpháirtíocht i gcruinnithe Gníomhaireachtaí na hEanála Dlí agus Cirt, chomh maith le rannpháirtíocht dhíreach leis an Roinn Dlí agus Cirt, gníomhaireachtaí Stáit eile, Grúpa Úsáideoirí an Bhinse, gairm an dlí níos leithne, an lucht acadúil agus na hEagraíochtaí Idir-rialtasacha agus Neamhrialtasacha.

Ina theannta sin, tá baint ghníomhach ag Cathaoirleach an Bhinse, Leas-Chathaoirligh agus Comhaltaí an Bhinse le líonraí cúirteanna agus binsí de chuid an AE agus idirnáisiúnta, amhail Comhlachas Idirnáisiúnta na nDídeanaithe agus na mBreithiúna Imirce (IARMJ) agus díorma saineolaithe breithiúnacha Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), a chuireann go mór le ceardlanna forbartha gairmiúla agus painéil saineolaithe a eagraíonn an Ghníomhaireacht. Feidhmíonn Cathaoirleach an Bhinse mar phointe teagmhála náisiúnta do Líonra Cúirteanna agus Binsí an EUAA ó gach tír AE+, chomh maith leis na príomhpháirtithe




leasmhara seo a leanas: Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, comhlachais bhreithiúnacha idirnáisiúnta agus Eorpacha: an IARMJ agus Comhlachas na mBreithiúna Riaracháin Eorpacha, páirtithe leasmhara eile, amhail an Líonra Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnais, Acadamh an Dlí Eorpaigh, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, agus Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe.

Tá Cláráitheoir an Bhinse rannpháirteach go gníomhach i dtionscnamh Ardán Chlárlanna an EUAA agus tugadh cuireadh dó a bheith rannpháirteach i gCoiste Stiúrtha an Ardáin a thosaigh ag obair go luath in 2024.

## Struchtúr na Tuarascála Bliantúla

Ag leanúint ar aghaidh ón réamhrá thuas, leagfar amach sa tuarascáil seo bunú, dlínse agus comhaltas an Bhinse i gCuid 2, leagfaidh sí amach forbhreachnú ar chaighdeáin agus cleachtais an Bhinse i gCuid 3 agus leagfaidh sí amach na gníomhaíochtaí a dhéanfar chun cáilíocht agus comhsheasmhacht na cinnteoireachta i Cuid 4 a chinntiú. Díreofar sa tuarascáil ansin ar riaradh an Bhinse, ag tosú le hachóimre feidhmiúcháin arna soláthar ag Cláráitheoir an Bhinse, agus leagfaidh sí amach leibhéil foirne an Bhinse, forbairt agus oiliúint foirne chomh maith le bearta nuachóirithe a rinne an Binse i gCuid 5. Leagfar amach tuarascáil airgeadais an Bhinse don bhliain 2024 i gCuid 6 den tuarascáil seo agus leagfaidh sí amach forbhreachnú staitistiúil mionsonraithe ar obair an Bhinse i gCuid 7 deiridh.

## Sracfhéachaint ar an mBinse in 2024



## 2. Maidir leis an mBinse

### 2.1. Bunú agus Dlíinse

Rinne Cuid 10 den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 ('Acht 2015' anseo feasta) foráil do bhunú an Bhinse mar chomhlacht achomharcach a sholáthródh leigheas éifeachtach d'iaratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta i leith moltaí diúltacha ó oifigigh chosanta idirnáisiúnta. Tá feidhmeanna Chomhaltaí agus fhoireann an Bhinse leagtha amach freisin i gCuid 10 den Acht 2015.

Leagtar amach in Acht 2015, go háirithe Codanna 2, 3 (arna leasú), 4 agus 6, na rialacha dlí éagsúla a n-oibríonn an Binse laistigh díobh agus é ag déileáil leis na hachomhairc arb é an príomhábhar inní é. Forlíontar na rialacha dlí seo leis na Rialacháin um Chóras Bhaile Átha Cliath 2018 maidir le hachomhairc maidir le cinntí aistrithe arna ndéanamh ag oifigeach cosanta idirnáisiúnta.

Tá na Rialacháin um Dhálaí Glactha 2018 curtha le mandáid dlínse an Bhinse freisin, faoina bhfuil an Binse ina údarás breithiúnach chun achomhairc a chinneadh ó chinntí a dhéanann oifigigh na Roinne Dlí agus Cirt, na Roinne Coimirce Sóisialaí, nó na Roinne Leanaí, Míchumais, Comhionannais, Lánpháirtíochta agus Óige, de réir mar a bheidh.



Ar an iomlán, is é sainordú reachtaíochta reatha an Bhinse ná achomhairc ó chinntí céadchéime a chinneadh maidir le:

- Cosaint idirnáisiúnta – stádas dídeanaí agus cosaint choimhdeach;
- Neamh-inghlacthacht iarratais ar chosaint idirnáisiúnta;
- Toiliú chun iarratas a dhéanamh ina dhiaidh sin ar chosaint idirnáisiúnta;
- Cinntí aistrithe faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Córas Bhaile Átha Cliath) 2018; agus
- Dálaí glactha sa phróiseas cosanta idirnáisiúnta, lena n-áirítear rochtain ar an margadh saothair.

## 2.2. Comhaltas an Bhinse

In 2024, bhí Comhaltas an Bhinse comhdhéanta de::

- an Cathaoirleach, Hilikka Becker,
- beirt Leas-Chathaoirleach, Cindy Carroll agus Shauna Gillan,

agus líon iomlán de thriúr Comhaltaí lánaimseartha, agus 99 Comhalta páirtaimseartha. Tá na comhaltaí deiridh fostaithe ar chonarthaí le haghaidh seirbhísí don Aire Dlí agus Cirt, ach tá an Cathaoirleach, na Leas-Chathaoirleach agus na Comhaltaí lánaimseartha fostaithe ar chonarthaí seirbhíse. Ceaptar Comhaltaí uile an Bhinse ar feadh téarma tosaigh cúig bliana agus féadfar iad a athcheapadh ar feadh an dara téarma nach faide ná cúig bliana. Breithníonn Gnáthchomhaltaí an Bhinse achomhairc agus déanann siad cinntí maidir leis na hábhair éagsúla a thagann os comhair an Bhinse.

Ceapann an tAire Dlí agus Cirt na Comhaltaí go léir de bhun alt 62 den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015, bunaithe ar roghnú na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, tar éis comórtas a reáchtáil faoi alt 47 de na hAchtanna um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin). Cinntíonn an próiseas seo go bhfuil na scileanna riachtanacha agus an saineolas riachtanach ag Comhaltaí maidir le cosaint idirnáisiúnta agus dlí chearta an duine, agus cinnteoireacht.

Faigheann na Comhaltaí go léir oiliúint ionduchtúcháin fhairsing nuair a chéadcheaptar iad agus déanann siad go léir oiliúint rialta forbartha gairmiúla i rith na bliana mar a leagtar amach go mion níos mine thíos sa tuarascáil seo.

Tá sé de chúram ar Chathaoirleach an Bhinse a chinntiú go gcomhlíontar feidhmeanna an Bhinse go héifeachtach agus go ndéileáiltear leis an ngnó a shanntar do gach Comhalta chomh tapa agus is féidir i gcomhréir le cothroime agus ceartas nádúrtha.

Chomh maith leis an gCathaoirleach agus beirt Leas-Chathaoirleach, bhí triúr Comhaltaí lánaimseartha agus 99 Comhalta páirtaimseartha ag an mBinse le linn na bliana. D'imigh 10 gcomhalta ón mBinse agus 43 ceapachán Comhalta nua páirtaimseartha in 2024.

Ar an 31 Nollaig 2024, bhí Cathaoirleach, beirt Leas-Chathaoirleach, triúr Comhaltaí lánaimseartha agus 89 Comhalta páirtaimseartha ag an mBinse.

## 3. Caighdeáin agus Cleachtais an Bhinse

### 3.1. Ráiteas Straitéise an Bhinse 2024–2026

Tá ráiteas straitéise an Bhinse do 2024–2026 ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhinse [www.protectionappeals.ie](http://www.protectionappeals.ie)



Don bhliain 2024, ba é misean an Bhinse fós leigheas éifeachtach a sholáthar laistigh den chóras cosanta idirnáisiúnta atá ar an gcaighdeán is airde agus é sin a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtaí, is inbhuanaithe agus is dírithe ar an úsáideoir, agus a chinntiú go gcloítear le dlí náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta.

Agus chuige sin, dhírigh an Binse ar na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas i rith na bliana:

1. Cáilíocht agus comhsheasmhacht na cinnteoireachta a chinntiú.
2. Éifeachtúlacht na próiseála achomhairc a bharrfheabhsú.
3. Seirbhís achomhairc atá dírithe ar an úsáideoir a sholáthar.
4. Cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach le húsáideoirí seirbhíse agus le páirtithe leasmhara eile.
5. Sineirgí an Bhinse trasna an éiceachóras cosanta idirnáisiúnta a spreagadh agus a neartú.

## 3.2. Dualgas um Chomhionannas agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí

Tá oiliúint curtha i gcrích ag gach comhalta foirne ar Dhualgas Earnála Poiblí an Bhinse faoin Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.

De bharr nádúr a cuid oibre maidir le leigheas éifeachtach a sholáthar chun críocha Airteagal 47 de Chairt an AE um Chearta Bunúsacha, tá saincheist chearta an duine mar chuid lárnach den Bhinse. Ina Ráiteas Straitéise do 2024 – 2026, tá an Binse tiomanta do ‘Chothroime, Trédhearcacht, Éifeachtúlacht agus Meas’. Is státseirbhísigh iad foireann an Bhinse agus dá réir sin, ar mhaithe leo féin, tá an Binse eolach ar Straitéis Chomhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe na Roinne Dlí agus Cirt.

Tá polasaí DEP an Bhinse ar fáil ar a **shuíomh gréasáin**.

## 3.3. Nóta Cleachtais Riaracháin

D’fhonn trédhearcacht obair an Bhinse a mhéadú agus é a dhéanamh níos inrochtana dá chustaiméirí, tá Nóta Cleachtais Riaracháin foilsithe ag an mBinse, atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Bhinse, agus a nuashonraítear ar bhonn rialta chun athruithe ábhartha sa reachtaíocht agus sa chleachtas a léiriú.

Foilsíodh an Nóta Cleachtais Riaracháin (APN) is déanaí i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus moltar d’achomharcóirí, a n-ionadaithe dlí agus a n-oifigigh tíolachta iad féin a choinneáil ar an eolas faoi aon athruithe, a dtabharfar faoi deara sa rannán ‘Nuacht’ de shuíomh gréasáin an Bhinse.

Tríd an APN seo a leagan amach, tá an Binse ag súil go mbeidh gach páirtí a thagann os comhair an Bhinse ar an eolas faoina nósanna imeachta. Ba cheart go mbeadh a fhios ag gach páirtí a thagann os comhair an Bhinse go bhféadfadh moill neamhriachtanach a bheith mar thoradh ar mhainneachtain forálacha an APN a chomhlíonadh maidir le hachomhairc a phróiseáil agus a chinneadh, agus féadfar é a mheas mar mhainneachtain comhoibriú de réir bhrí ailt 27 agus 45 den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015.

De réir luachanna an Bhinse mar atá leagtha amach ina Ráiteas Straitéise 2024–2026, tá an Binse tiomanta caitheamh le gach páirtí a thagann os a chomhair le meas, dínit agus tuiscint. Tá an Binse ag súil leis na caighdeáin chéanna iompair ó gach páirtí a thagann os a chomhair.

## 4. Cáilíocht agus Comhsheasmhacht na Cinnteoireachta

### 4.1. Oiliúint ag an mBinse

Tá oiliúint Chomhaltaí an Bhinse ríthábhachtach sa Bhinse agus ní haon eisceacht í 2024. Chomh maith leis an ngnáth-oiliúint inmheánach do Chomhaltaí, reáchtáladh oiliúint ionduchtaithe do Chomhaltaí nua, agus tá sonraí na seisiún oiliúna ar fad leagtha amach thíos.

Cuirtear oiliúint ar fáil go himmheánach sa Bhinse agus bíonn deis ag Comhaltaí freisin leas a bhaint as oiliúint sheachtrach a chuireann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), an Líonra Eorpach Oiliúna Breithiúnach (EJTN) agus Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) ar fáil. Tá an oiliúint a chuireann an EUAA ar fáil thar a bheith ábhartha do Chomhaltaí an Bhinse toisc gur oiliúint í a chuireann breithiúna ar fáil do bhreithiúna.

Tá roinnt Comhaltaí den Bhinse ina gcuid de Dhíorma Saineolaithe Breithiúnacha an EUAA, atá comhdhéanta faoi láthair de 84 saineolaí ó 16 tír AE+. Agus carachtar an-trasnáisiúnta ag baint leis, léiríonn an díorma seo éagsúlacht na gcomhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí atá ag obair i réimse na cosanta idirnáisiúnta, ó gach leibhéal den bhreithiúnas. Déanann na saineolaithe, lena n-eolas domhain ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn agus a dtaithe phearsanta ar bhreithiúnas a dhéanamh ar chásanna cosanta idirnáisiúnta, ceardlanna breithiúnacha a dhearadh agus a sholáthar chomh maith le rannchuidiú le gníomhaíochtaí ad hoc chun acmhainn a fhorbairt dá gcomhghleacaithe ar fud na hEorpa<sup>3</sup>.

Chomh maith le hoiliúint fhoirmiúil, cuirtear oiliúint neamhfhoirmiúil ar fáil sa Bhinse i bhfoirm seisiúin 'Lón agus Foghlaim', agus meantóireacht. Ag seisiúin 'Lón agus Foghlaim', roinneann na Comhaltaí comhairle phraiticiúil agus leideanna lena gcomhghleacaithe agus tugtar cuir i láthair ar ábhair scoite.

Bhain Comhaltaí Nua an Bhinse tairbhe suntasach as meantóireacht a fuair siad ó Chomhaltaí a bhfuil níos mó taithe acu. Is comhlacht coláisteach é an Binse agus roinn na meantóirí léargais ar an gcleachtas is fearr in éisteachtaí ó bhéal agus i gcinntí scríofa.

Eisíonn an Binse irisleabhar inmheánach, an Binse Ráithiúil, do na Comhaltaí go léir. Cuimsíonn an iris ailt ó Chomhaltaí an Bhinse, nuashonruithe ar fhaisnéis tíre agus achoimre ar chásdlí ó Uaschúirteanna na hÉireann, ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine, agus breithiúnais ábhartha ó chúirteanna Ballstát eile agus an RA. Tá Coiste Eagarthóireachta comhdhéanta de Chomhaltaí Binse páirtaimseartha amháin, Príomhoifigeach Cúnta amháin, Oifigeach Riaracháin amháin, Leas-Chathaoirleach agus beirt Chomhaltaí lánaimseartha, duine acu ina heagarthóir iomlán.

### Oiliúint Ionduchtúcháin do Chomhaltaí Nua

Tar éis comórtais chun Comhaltaí nua páirtaimseartha an Bhinse a earcú, d'fhreastail 39 Comhalta nuacheaptha ar a n-oiliúint ionduchtaithe a tharla thar cheithre lá. Ba é Hugo

<sup>3</sup> <https://euaa.europa.eu/asylum-knowledge/courts-and-tribunals>.

Storey, Breitheamh ar scor de Bhinse Uachtair na RA a bhí i gceannas ar an oiliúint agus chuir an Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach modúil oiliúna ar fáil freisin. Thug duine de na Comhaltaí lánaimseartha cur i láthair ar ullmhú comhad agus ghlac na Comhaltaí lánaimseartha eile páirt i bplé painéil.

Ghlac UNHCR páirt sa dá sheisiún Oiliúna Ionduchtúcháin.

### Áiríodh leis an oiliúint a soláthraíodh in 2024 ábhair ar nós:

- Sainmhíniú ar Dhídeanaí;
- Forálacha an Achta um Chosaint Idirnáisiúnta 2015;
- Náisiúntacht / Neamhstáit;
- Fíorais ábhartha a shainaithint;
- Measúnú ar chreidiúnacht;
- An bhrí atá le heagla ina mbíonn údar maith léi;
- Nasc an Choinbhinsiúin (cine, reiligiún, náisiúntacht, tuairim pholaitiúil, ballraíocht i ngrúpa sóisialta ar leith);
- Caighdeán cruthúnais;
- Géarleanúint;
- Dochar tromchúiseach;
- Measúnú ar dhoiciméid, deimhniú árachais, tuarascálacha leighis;
- Cosaint an Stáit;
- Rogha eile cosanta inmheánach;
- Eisiámh;
- Breitheamh-ceard;
- Ullmhúchán comhaid;
- Déileáil le hiarratasóirí ó thíortha sábháilte tionscnaimh;
- Measúnú ar fhianaise;
- Comhaid gan pháipéar;
- Achomhairc a sceidealú;
- Achomhairc páipéarbhunaithe i gcás a bhfuil na hachomharcóirí ó thíortha sábháilte tionscnaimh;
- Socrú spriocanna agus bainistiú cás-ualaigh;
- Béasaíocht seomra éisteachta;
- Cinnteoireacht níos tapúla;
- Achomhairc de bhun Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Córas Bhaile Átha Cliath) 2018;
- Achomhairc de bhun alt 21 den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015;
- Achomhairc de bhun alt 22 den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015;
- Éilimh atá bunaithe ar LADT (arna soláthar ag UNHCR);
- Anailís Creidiúnachta;
- Acmhainní Comhaltaí;
- Scileanna boga don seomra éisteachta.

## 4.2. Cruinniú Reachtúil den Bhinse

Thionóil an Binse a Chruinniú Reachtúil bliantúil an 8 Samhain 2024. Chuir Cláraitheoir an Bhinse staitisticí agus sonraí ó 2024 i láthair, ag tabhairt faoi deara aschur méadaithe an Bhinse. Thagair sé freisin don ráta ard éisteachtaí ó bhéal a cuireadh siar, agus dúirt sé nach bhféadfaí

é seo a choinneáil in 2025. Phléigh an Cathaoirleach obair an Bhinse i rith na bliana agus leag sé amach roinnt faisnéise faoin gComhshocrú AE ar Imirce agus Tearmainn atá le teacht. Rinne an cruinniú plé breise ar oiliúint atá le teacht do 2025 agus ar an bpróiseas chun comhaltaí nua a chur ar bord le linn 2025.

### 4.3. Córas Iniúchta Cáilíochta

Déanann an Binse roinnt Iniúchtaí Cáilíochta gach bliain. Tá an oibríocht seo, atá i bhfeidhm ó 2017, deartha chun forbheathnú ginearálta a sholáthar ar chinnteoireacht an Bhinse agus chun riachtanais oiliúna chórasacha agus aonair a aithint. Déanann athbhreithneoirí inmheánacha agus seachtracha, lena n-áirítear an UNHCR, na hathbhreithnithe ar bhonn ráithiúil.

Chun na hathbhreithnithe a dhéanamh, roghnaítear méid samplach de chinntí go randamach le haghaidh athbhreithnithe – cuimsíonn an sampla tuairim is deich faoin gcéad de na cinní maidir le nós imeachta aonair a d'eisigh an Binse sa ráithe roimhe sin. Úsáideann gach athbhreithneoir sraith choiteann critéar. Féachann na critéir oibiachtúla le measúnú a dhéanamh ar an gcinneadh ábhartha ar aon dul le teimpléad cinnidh an Bhinse féin, chomh maith le de réir an chreata reachtaíochta, dlí-eolaíocht ó Uaschúirteanna na hÉireann agus ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Déantar forálacha Threoirlínte an Chathaoirligh a bhreithniú freisin.

Ag deireadh an athbhreithnithe, cuirtear torthaí i láthair Chomhaltaí an Bhinse, sásaítear riachtanais oiliúna agus breathnaítear ar aon athruithe riachtanacha a theastaíonn i gcleachtas agus nósanna imeachta an Bhinse. Roinntear na torthaí freisin leis na hathbhreithneoirí seachtracha ón UNHCR.

### 4.4. Treoirlínte an Chathaoirligh Eisithe in 2024

Féadfaidh Cathaoirleach an Bhinse treoirlínte a eisiúint do Chomhaltaí an Bhinse maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil agus oibriú fhorálacha nó aon fhorála ar leith de Chuid 10 den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 agus maidir le forbairtí sa dlí a bhaineann le cosaint idirnáisiúnta. Ina theannta sin, féadfaidh an Cathaoirleach treoirlínte a eisiúint do Chláraitheoir an Bhinse chun críche feidhmeanna an Chláraitheora. Tá sé mar aidhm ag gach Treoir don Chathaoirleach Acht agus Rialacháin 2015 a fhorlíonadh agus gan iad a athsholáthar. I gcás coinbhleachta, beidh tosaíocht ag forálacha an Achta nó an Rialacháin ábhartha ar na Treoirlínte agus ba cheart iad a léamh in éineacht leis na dualgais atá leagtha amach san Acht agus le reachtaíocht, treoirlínte, cóid, beartais nó rialacha eile is infheidhme maidir le hiompar Chomhaltaí an Bhinse.

In 2024, eisíodh dhá Threoir:

#### Treoirlíne an Chathaoirligh Uimh. 2024/1 – Nóta Treorach ar Fhaisnéis Tíre

Is é cuspóir an Nóta Treorach seo breac-chuntas a thabhairt ar na caighdeáin agus na prionsabail ábhartha a rialaíonn foinsí agus measúnú faisnéise tíre chun achomharc a chinneadh faoin Acht agus faoi Rialacháin 2018.

Tuigeann an Binse a oibleagáid a chinntiú go bhfuil a chinntí bunaithe ar fhaisnéis bheacht agus cothrom le dáta a fuarthas ó fhoinsí éagsúla, mar Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR), maidir leis an staid ghinearálta atá i réim i dtíortha tionscnaimh na n-iarratasóirí ar thearmann agus, nuair is gá, i dtíortha a bhfuil siad tar éis iad a aistriú. Mar aitheantas ar fhorbairtí ábhartha sa Chomhchóras Tearmainn Eorpach, go háirithe bunú Ghníomhaireacht Tearmainn an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'EUAA' anseo feasta), déanann Comhaltaí an Bhinse a gcinntí agus faisnéis a fhaightear ón EUAA agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta um chearta an duine á mbreithniú freisin.

Chuige sin, tugann an Binse dá aire Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 439/2010, lena n-ordaítear don EUAA iarrachtaí a chomhordú i measc na mBallstát chun anailís choiteann a fhorbairt ar an staid i dtíortha tionscnaimh sonracha agus nótaí treorach chun cabhrú leis na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar iarratais ábhartha ar chosaint idirnáisiúnta, agus aire á tabhairt aige ar na Treoirínte Cáilitheachta UNHCR is déanaí chun Riachtanais Chosanta Idirnáisiúnta Iarrthóirí Tearmainn ó thíortha tionscnaimh sonracha a Mheasúnú. I gcomhréir le Rialachán 11(3), ceanglaítear ar na Ballstáit, ina dhiaidh sin, ‘an anailís choiteann agus na nótaí treorach a chur san áireamh agus iarratais ar chosaint idirnáisiúnta á scrúdú acu, gan dochar dá n-inniúlacht cinneadh a dhéanamh ar iarratais aonair ar chosaint idirnáisiúnta’.

Anuas air sin, ní mór don Binse na hachomhairc os a chomhair a chinneadh ar bhonn aonair, lena n-áirítear na fíorais ábhartha go léir a chur san áireamh mar a bhaineann siad leis an tír thionscnaimh tráth cinneadh a dhéanamh ar an iarratas, lena n-áirítear dlíthe agus rialacháin na tíre tionscnaimh agus an modh ina gcuirtear i bhfeidhm iad. Chun a fhreagracht a chomhlíonadh maidir le leigheas éifeachtach lena n-áirítear scrúdú iomlán agus ex-nunc ar fhíricí agus ar phointí dlí a chinntiú, ní mór don Binse aird chuí a thabhairt ar athruithe féideartha ar an staid sa tír thionscnaimh a d’fhéadfadh dul i gcion ar ábharthacht na faisnéise ar a mbraithfidh an tOifigeach Cosanta Idirnáisiúnta, mar an t-údarás cinntitheach, sa chinneadh ar an gcéad dul síos.

#### **Treoirlíne Uimh. 2024/2 ón gCathaoirleach maidir le hAchomhairc a Shannadh agus a Athshannadh ag an gCláráitheoir do Chomhaltaí an Bhinse**

Agus achomhairc á sannadh do Chomhaltaí an Bhinse, is é an cuspóir sáráitheach a chinntiú go ndéanfar gnó an Bhinse a bhainistiú go héifeachtach agus go ndéanfar an gnó a shannfar do gach Comhalta a dhiúscairt chomh tapa agus is féidir i gcomhréir le cothroime agus le ceartas nádúrtha. Faoi réir na n-ábhar atá leagtha amach i mír 2.1 agus i míreanna 3 go 7 den Treoirlíne, ba cheart don Chláráitheoir a dhícheall a dhéanamh, a mhéid is indéanta, achomhairc a shannadh agus a athshannadh go cothrom agus go comhréireach i measc na gComhaltaí.

Anuas air sin, cuirtear san áireamh sa Treoirlíne iarratais tosáiochta a fhaightear ón Aire Dlí agus Cirt de bhun alt 73(1)(b) den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015.

Tá na Treoirínte uile ón gCathaoirleach ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhinse ag: [www.protectionappeals.ie](http://www.protectionappeals.ie)

## **4.5. Monatóireacht ar Athbhreithnithe Breithiúnacha**

I ndiaidh comhairle a fháil ón Ard-Aighne in 2016, aithníodh gur cheart don Binse, mar chomhlacht reachtúil neamhspleách a chomhlíonann feidhmeanna gar-bhreithiúnacha, na prionsabail dlí chéanna leis na prionsabail a bhaineann le breitheamh den Chúirt Dúiche a mhealladh, agus a luaithe a bheidh cinneadh déanta ag an mBinse, beidh sé functus officio agus ní bheidh aon pháirt aige lena chinneadh a chosaint nó tacú leis in imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ina dhiaidh sin. Leagtar an bonn cirt le cinneadh an Bhinse sa chinneadh féin. Nuair a bheidh an fheidhm a bhaineann le cinneadh réasúnaithe a thabhairt comhlíonta ag Comhalta den Binse, ní bheidh aon fheidhm eile aige nó aici, agus d’fhéadfaí a fheiceáil go gcaitheann sé amhras ar neamhspleáchas an Bhinse féachaint le seasamh lena chinntí, dá ndéanfaí iad a cheistiú ina dhiaidh sin. Tá feidhm ag na prionsabail sin ar mhaithe le leas an phobail muinín a chothú sna córais bhreithiúnacha agus i gcórais choibhéseacha.

Is iad na himthosca amháin nach bhféadfaidh feidhm a bheith ag na prionsabail sin nuair a líomhnaítear go bhfuil *mala fides* ar thaobh Comhalta den Binse, nó ina ndéantar agóidí

córasacha nós imeachta in éadan oibríochtaí an Bhinse. I ngach cás eile, tá feidhm ag an bprionsabal gurb é an páirtí a bhfuil ordú déanta chun a leasa an *legitimus contradictor* in imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ina gceistítear ordú cúirte íochtair nó a comhionann. In imthosca an Bhinse Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta, is é an tAire an páirtí a bhfuil leas aige nó aici sa mholadh nó sa chinneadh agus mar sin bheadh seisean nó ise ina *legitimus contradictor*.

Mar Fhreagróir in agóidí in éadan athbhreithniú breithiúnach a tugadh i gcoinne aon chinntí dá chuid, áfach, déanann an Binse idirchaidreamh le hAonad Tacaíochta Seirbhísí Dlí na Roinne Dlí agus Cirt (LSSU), Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (CSSO) agus Oifig an Ard-Aighne (AGO) maidir le faisnéis ábhartha agus, i gcúinsí áirithe, breithnithe a sholáthar. Tá Aonad um Athbhreithniú Breithiúnach an Bhinse suite laistigh dá riarachán / rúnaíocht. Déanann sé dul chun cinn gach athbhreithniú breithiúnach a thairfeadh agus déanann sé monatóireacht orthu seo, breithníonn sé gach doiciméad dlíthiúil a fhaightear agus comhordaíonn sé freagairtí leis an gCathaoirleach.

Cloíonn an Binse go dlúth leis na forbairtí sna hUaschúirteanna maidir le hathbhreithnithe breithiúnacha ar a chuid cinntí. Cé acu an seasann an Chúirt le cinneadh an Bhinse nó an gcuireann sé ar neamhní é, féachann an Binse le dlí-eolaíocht na nUaschúirteanna a chur chun feidhme ina threoir dá Chomhaltaí agus san oiliúint ar a Chomhaltaí. Áirítear iad seo a leanas ar na bealaí an ndéanann an Binse é sin::

1. Achoimrí soiléire ar an bpríomhléargas ón dlí-eolaíocht, agus iad curtha i láthair go córasach in Athbhreithnithe Ráithiúla ar mhaithe le Comhaltaí an Bhinse.
2. Cur chun feidhme sna Treoirlínte ón gCathaoirleach de bhun alt 63(2) maidir le forbairtí ar an dlí um chosaint idirnáisiúnta.
3. Athbhreithniú agus nuashonrú ar an treoir agus ar na hábhair oiliúna a úsáidtear d'fhorbairt ghairmiúil Chomhaltaí an Bhinse.
4. Athbhreithniú agus nuashonrú ar na teimpléid chinnteoireachta atá ar fáil do Chomhaltaí an Bhinse.
5. An oiliúint a chuirtear ar fáil do Chomhaltaí an Bhinse go himmheánach a chinneadh agus a mhúnlú.
6. An oiliúint sheachtrach a bhaineann le Comhaltaí an Bhinse a chinneadh.
7. Ceardlanna, pléghrúpaí agus seisiúin 'Lón agus Foghlaim' ar ábhair a eascraíonn as an gcásdlí a óstáil.
8. Nuashonruithe ar ghlancheisteanna áirithe ó chásdlí agus ó thuairimí an abhcóide.
9. Athbhreithniú agus nuashonrú ar na hábhair iniúchóireachta ardcháilíochta a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar chinntí Chomhaltaí an Bhinse chun ábhair nach mór feabhas leanúnach a chur orthu a shainaithint.

Le linn 2020, rinne an Binse an fhaisnéis go léir a bhí ar fáil dó maidir le dlíthíocht in aghaidh an Bhinse ó tháinig sé i bhfeidhm an 31 Nollaig 2016 a chomhdhlúthú agus a ordú. Leanadh leis an tionscadal bainistíochta eolais sin in 2024 agus is féidir leis an mBinse monatóireacht chórasach a dhéanamh ar an dlíthíocht ábhartha sna hUaschúirteanna d'fhonn cáilíocht agus éifeachtúlacht a chinnteoireachta a fheabhsú tuilleadh dá bharr sin.

Tá meánráta iomlán chinntí an Bhinse<sup>4</sup> a ndéantar agóid ina n-éadan le hathbhreithniú breithiúnach fós faoi bhun 7%, agus is é 6.7% ráta an athbhreithnithe bhreithiúnaigh a rinneadh in éadan chinntí an Bhinse do 2024. Tá ráta na gcinntí a cuireadh ar neamhní in athbhreithnithe breithiúnacha fós faoi bhun 3%, agus bhí an ráta socraíochtaí faoi dheireadh 2024 díreach os cionn 2%.<sup>5</sup>

<sup>4</sup> Ó bhí 2019 ann

<sup>5</sup> Bunaithe ar fhigúirí cinntí agus athbhreithnithe breithiúnacha ón tseachtain dheireanach in 2024

Foilsíodh 'Achoimre ar Bhreithiúnais Uaschúirteanna na hÉireann in 2023 i ndáil le cinní an Bhinse Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta' ar shuíomh gréasáin an Bhinse le haghaidh 2024 agus is féidir í a rochtain ar ár leathanach 'Foilseacháin' anseo:

[www.protectionappeals.ie/other-practices-and-procedures/](http://www.protectionappeals.ie/other-practices-and-procedures/)

## 4.6. Comhdháil Dhébhliantúil Chaibidil Eorpach Chumann Idirnáisiúnta na mBreithiúna Dídeanaithe agus Imirce (IARMJ)



**iarmj**

International Association of Refugee and Migration Judges

Bhí áthas ar an mBinse óstáil **Chaibidil Eorpach chomhdháil dhébhliantúil Chumann Idirnáisiúnta na mBreithiúna Dídeanaithe agus Imirce**, a bhí ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 9 agus an 10 Meán Fómhair 2024 a éascú.

Bhí fáiltiú fáilte ar siúl ag Dlí-Chumann na hÉireann tráthnóna Dé Domhnaigh an 8 Meán Fómhair, agus ba é an Breitheamh Onórach Donal O'Donnell, Príomh-Bhreitheamh na hÉireann a labhair ar dtús.

Tionóladh an chomhdháil ag Ionad Comhdhála Hibernia; ba é an Breitheamh Onórach Donal O'Donnell (Príomh-Bhreitheamh na hÉireann) a bhí ina chathaoirleach ar an seisiún oscailte agus ba é Boštjan Zalar Uasal (Breitheamh Sinsearach na hArd-Chúirte), Helen McEntee Uasal TD (Aire Dlí agus Cirt na hÉireann), Rossa Fanning Uasal SC (Ard-Aighne na hÉireann), Nina Gregori Uasal (Stiúrthóir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA)), Jean-Nicolas Beuze Uasal (Ionadaí UNHCR do Ghnóthaí an Aontais, an Bheilg, Lucsamburg, Éire agus an Ísiltír) agus Hilka Becker Uasal (Cathaoirleach an Bhinse Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta agus Uachtarán Chomhairle Chaibidil Eorpach an IARMJ) a threoraigh é.

I ndiaidh an tseisiúin oscailte, tionóladh na seisiúin thíos ar an gcéad lá (Dé Luain an 9ú Meán Fómhair):

- **An Dara Seisiún:** Forbairtí in CBAE, sa Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECTHR) agus dlí-eolaíocht na hÉireann i réimsí an tearmainn agus na himirce
- **An Tríú Seisiún:** Dúshláin roimh shainordú Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) maidir le cúirteanna agus binsí san Aontas Eorpach



## An Binse Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta Tuarascáil Bhliantúil 2024

- **An Ceathrú Seisiún:** Samplaí de shaincheisteanna na dlí imirce os comhair Chúirteanna Uachtaracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh

Críochnaíodh an chéad lá le Comhthionól Ginearálta agus Toghadh Oifigigh Chaibidil Eorpach an IARMJ. Bhí na seisiúin chomhdhála eile ar siúl ar an dara lá (Dé Máirt an 10ú Meán Fómhair):

- **An Cúigiú Seisiún:** Saincheisteanna roghnaithe maidir le riar ceartais ardchaighdeán in gcásanna tearmainn agus imirce
- **An Séú Seisiún:** Plé painéil maidir le rochtain éifeachtach ar chosaint bhreithiúnach i dtaca le rochtain ar thearmann, coincheapa sábháilte tíre agus/nó nósanna imeachta teorann
- **An Seachtú Seisiún:** Cosaint Idirnáisiúnta i gCásanna Comhaimseartha na Coinbhleachta Armtha

Tá páipéir na comhdhála ar fáil ar **shuíomh gréasáin an IARMJ**.



## II. Achoimre Fheidhmeach an Chláraitheora

Tá áthas orm Achoimre fheidhmeach an Chláraitheora le haghaidh 2024 a chur i láthair.

Bhí 3,908 achomharc ar feitheamh ag an mBinse ag tús 2024. Taisceadh 8,835 achomharc eile le linn 2024. Is méadú 85% é sin ar an 4,775 achomharc a taisceadh leis an mBinse in 2023. Chríochnaigh an Binse 3,098 achomharc in 2024 arbh mhéadú os cionn 82% é sin ar iomlán na n-achomharc a críochnaíodh le haghaidh 2023, agus ba é sin 1,701. Ba é líon na n-achomharc a críochnaíodh in 2024 an líon b'airde a chríochnaigh an Binse ó bunaíodh é i mí na Nollag 2016. Ba é 2,180 in 2019 an líon b'airde achomharc a fuair an Binse roimhe seo ó bunaíodh é. Ag deireadh 2024 bhí 9,705 achomharc ar an iomlán ar feitheamh os comhair an Bhinse, arb é sin an líon is airde achomharc a bhí ar feitheamh ag deireadh na bliana.

Tá an líon b'airde achomharc a fuarthas in 2024 mar thoradh ar mhéadú ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a cuireadh faoi bhráid na hOifige um Chosaint Idirnáisiúnta agus ar mholtaí a rinne Oifigigh Cosanta Idirnáisiúnta.

Chun leanúint le haghaidh a thabhairt ar na héilimh shuntasacha sin ar an mBinse, d'éirigh linn acmhainní breise a fháil don Bhinse chun níos mó achomharc a sholáthar ar bhealach tráthúil éifeachtach. Mhéadaigh na leibhéil foirne i riarachán an Bhinse ó 59 ball foirne ag deireadh 2023 go 79 ball foirne an 31 Nollaig 2024. Tá méadú tagtha ar acmhainn chinnteoireachta an Bhinse mar gheall ar earcú, oiliúint agus ionductú 39 comhalta páirtaimseartha breise den Bhinse in 2024, rud a fhágann gurbh é 89 líon iomlán Chomhaltaí páirtaimseartha an Bhinse ag deireadh na bliana.

Tá áthas orm a thuairisciú, i ndiaidh an treoirthionscadail leis na chéad achomhairc dhigiteacha gan pháipéar a thosaigh i mí na Samhna 2023, gur chríochnaigh an Binse an clár chun déileáil anois le gach achomharc nua ar mhodh digiteach gan pháipéar. Beidh achomhairc dhigiteacha ríthábhachtach maidir le hardchaighdeán cinntí éifeachtacha agus tráthúla d'achomharcóirí a choinneáil ar bun. Tá an Binse tiomanta do scrúdú a dhéanamh ar na próisis go léir chun tuilleadh feabhsuithe a shainathint agus a chur chun feidhme chun dul chun tairbhe úsáideoirí seirbhíse. Ceann de na tionscnaimh chun eispéireas na n-achomharcóirí a fhreastalaíonn ar éisteachtaí pearsanta a fheabhsú ba ea gearrscannán faisnéise nua a bhí ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhinse chun cabhrú leis na daoine a bhí i láthair a n-éisteacht a thuiscint agus a ullmhú di.

Leanfaidh an Binse le bheith ag plé leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir chun ardchaighdeán cinnteoireachta a choinneáil ar bun ag leanúint

leis an gcás a dhéanamh chun an cumas chun achomhairc níos críochnaithe a sholáthar ag an am céanna.

Ag breathnú ar aghaidh go dtí 2025, tá an Binse ag súil le breis agus 16,000 achomharc nua a fháil agus mar sin tá sé ríthábhachtach go mbeidh rannpháirtíocht leanúnach ann le comhghleacaithe sa Roinn Dlí agus Cirt a oibríonn leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe chun na hacmhainní riachtanacha a sholáthar amhail líon dóthanach Comhaltaí lánaimseartha agus páirtaimseartha an Bhinse, soláthar foirne, bonneagar TFC agus cóiríocht chúil chun go bhféadfaidh an Binse a dhualgais a chomhlíonadh amach anseo, ar bhealach éifeachtach tráthúil agus na héilimh ar a sheirbhísí ag méadú i gcónaí.

Leanfaidh an Binse ag obair le comhghleacaithe sa Roinn Dlí agus Cirt agus tabharfaidh sé comhairle inter alia maidir le hathruithe féideartha ar phróisis agus ar struchtúir maidir le hachomhairc ar chinntí a dhéantar ar chosaint idirnáisiúnta i gcomhthéacs rogha na hÉireann a bheith páirteach do Chomhaontú Imirce agus Tearmainn an Aontais Eorpaigh. Leanfaidh an Binse freisin lena dhícheall a dhéanamh seirbhís achomharc a sholáthar a bheidh ag teacht le luachanna an Bhinse maidir le cothroime, éifeachtúlacht, meas agus trédhearcacht.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an gCathaoirleach agus leis an dá Leas-Chathaoirleach as a gcomhoibriú i rith na bliana.

Gabhaimid buíochas freisin le Geraldine Kennedy, Deirdre O'Reilly agus Ciara Carroll a bhainistíonn na Feidhmeanna Oibríochtaí, Corparáideacha/Rúnaíochta agus Cosanta Sonraí/Feabhsaithe Próiseas Gnó faoi seach, comhaltaí foirne uile an Bhinse lena n-áirítear ár nOifigigh Seirbhíse chomh maith lenár gComhaltaí Binse go léir as a dtacaíocht agus as a dtiomantas. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Dlí agus Cirt as a dtacaíocht agus a gcúnamh leanúnach agus go háirithe an tAonad um Rialachas Sibhialta, an tAonad Acmhainní Daonna agus ár gcomhghleacaithe a chabhraíonn leis an mBinse le seirbhísí TFC a sholáthar.



George Sinclair  
Cláraitheoir

## 5. Cláraitheoir agus Riarachán na Cúirte

Cuirtear de chúram ar Chláraitheoir an Bhinse comhaltáí foirne agus lucht riaracháin an Bhinse a bhainistiú agus a rialú, agus cibé feidhmeanna eile a fhéadfaidh an Cathaoirleach a thabhairt dó nó di faoi Acht 2015 a chomhlíonadh. De bhun alt 66(3) den Acht 2015, beidh an Cláraitheoir freagrach don Chathaoirleach as a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

Tá freagracht ar an gCláraitheoir freisin as na hachomhairc a chinnfear a shannadh do Chomhaltáí an Bhinse, agus aird á tabhairt ar an ngá le bainistíocht éifeachtach ar obair an Bhinse, agus comhlíonadh gasta a fheidhmeanna ag an mBinse, i gcomhréir le cothroime agus ceartas nádúrtha, agus le haon Treoirínte arna n-eisiúint ag an gCathaoirleach a chinntiú.

Is státseirbhísigh iad baill foirne riaracháin an Bhinse agus sanntar iad faoi láthair don Bhinse ón Roinn Dlí agus Cirt de réir alt 61(4) den Acht 2015. Tá an líon foirne comhaontaithe don Bhinse ina chuid de Chomhaontú Maoirseachta riaracháin na Roinne leis an mBinse agus, don tréimhse tuairiscithe, b'ionann é sin agus 80. Chomh maith leis sin, tá Cathaoirleach an Bhinse, Leas-Chathaoirligh agus Comhaltáí lánaimseartha an Bhinse ar chonarthaí seirbhíse leis an Roinn ar feadh a dtréimhsí ceapacháin faoi seach.

### 5.1. Leibhéal Foirne an Bhinse amhail 31/12/24

LEIBHÉIL FOIRNE IPAT 31/12/2024	Daoine	CLA
<b>Cathaoirleach, Leas-Chathaoirligh agus Comhaltáí Lánaimseartha (CLA)</b>		
Cathaoirleach (Coibhéis PO)	1	1
Leas-Chathaoirleach (Coibhéis APO)	2	2
Comhalta Lánaimseartha den Bhinse (Coibhéis APO)	3	3
<b>FO-IOMLÁN</b>	<b>6</b>	<b>6</b>
<b>Foireann Riaracháin IPAT</b>		
Príomhoifigeach (Cláraitheoir)	1	1
Príomhoifigeach Cúnta	3	3
AOF/Oifigigh Riaracháin	5	4.6
Oifigigh Feidhmiúcháin	17	16.6
Intéirnigh Dlí (COIBHÉIS OF)	2	2
Oifigigh Chléireachais	51	50.4
<b>FO-IOMLÁN</b>	<b>79</b>	<b>77.6</b>
<b>IOMLÁN (Foireann Riaracháin + Cathaoirleach ar fad)</b>	<b>85</b>	<b>83.6</b>

## 5.2. Forbairt agus Oiliúint Chomhaltaí Foirne an Bhinse

Leanadh ar aghaidh le hionduchtú comhaltaí foirne oibriúcháin le linn 2024 agus tugadh faoi mhéid suntasach foghlama idir piaraí agus foghlama ar an láthair. Cuireadh forbairt ghairmiúil leanúnach agus tógáil ar chúrsaí dea-chleachtais a sholáthair One Learning agus an Roinn Dlí agus Cirt ar raon réimsí éagsúla chun cinn agus baineadh leas astu. Arís i mbliana, lean an fhoireann le cúrsaí breisoideachais agus chuir siad tús le cúrsaí breisoideachais a bhí maoinithe i bpáirt ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Tugadh cuireadh do chomhaltaí foirne freastal ar sheisiúin oiliúna agus faisnéise a cuireadh ar fáil do Chomhaltaí an Bhinse chun cur lena dtuiscint ar obair an Bhinse agus ar an bpróiseas cinnteoireachta. Reáchtáladh seisiúin ‘Lón agus Foghlaim’ ar shaincheisteanna éagsúla agus bhí seisiún ‘suí leis an gCathaoirleach’ an-fhaisnéiseach do na foirne oibriúcháin go léir.

## 5.3. Nuashonrú ar Nuachóiriú

Príomhthosaíocht i straitéis an Bhinse is ea aistriú digiteach a phróisís ghnó. Agus méadú suntasach ag teacht ar líon na n-achomharc gach bliain, tá sé ríthábhachtach córais agus sreafaí oibre a nuachóiriú chun spriocanna oibriúcháin a bhaint amach ar bhealach éifeachtach.

In 2024, rinne an Binse athbhreithniú cuimsitheach ar a phróisís reatha. Chuir torthaí an athbhreithnithe sin bonn eolais faoin gcás gnó do Chlár um Aistriú Digiteach an Bhinse, atá dírithe ar chóras próiseála achomharc ceann go ceann níos éifeachtaí a éascú. Tá an cás gnó á bhreithniú faoi láthair.

Thug an Binse comhaid achomhairc gan pháipéar isteach in 2024 i ndiaidh scéim phíolótach rathúil ag deireadh 2023. Ní thugtar ach comhaid gan pháipéar do gach Comhalta nua den Bhinse anois. Tá oiliúint gan pháipéar curtha ar Chomhaltaí an Bhinse ar fad agus fuarthas aiseolas an-dearfach maidir leis an aistriú. Chabhraigh úsáid Microsoft PowerApps le comhaid dhigiteacha a bhainistiú.

Tá úsáid á baint fós ag an mBinse as an gcóras néalbhunaithe eDocs, a seoladh in 2023, chun comhaid a stóráil go leictreonach. Tá feidhmíocht an chórais sin fós faoi athbhreithniú, de réir mar a mhéadaíonn líon na n-achomharc. Tá úsáid PDFanna is féidir a chur in eagar chun foirmeacha achomhairc a chur isteach faoi athbhreithniú leanúnach freisin chun an córas is so-úsáidte agus is éifeachtúla d’achomharcóirí agus d’ionadaithe dlí a shainaithe agus a chur chun feidhme.

## 6. Tuarascáil Airgeadais

Catagóir	Caiteachas in 2024
Costais TF	€404,013.71
Táillí dlíthiúla	€10,332.00
Costais Margaíochta/Cur Chun Cinn	€6,328.35
Táillí na gComhaltaí	€1,417,107.88
Ballraíocht na gComhaltaí Gairmiúla	€4,487.00
Costais Oifige agus Áitreabh	€120,520.36
Innealra Oifige agus Soláthairtí Oifige Eile	€53,227.71
Seirbhísí Poist agus Cumarsáide	€27,864.61
Tuarastail agus Pá	€3,511,295.96
Oiliúint agus Forbairt	€97,009.99
Aistriúchán/Ateangaireacht	€162,725.97
Taisteal	€2,319.79
<b>Iomlán Comhlán</b>	<b>€5,817,233.33</b>
Tobhach Pinsin	-€38,864.28
<b>Iomlán Glan</b>	<b>€5,778,369.05</b>

### 6.1. Cinntí arna n-eisiúint ag Comhaltaí lánaimseartha agus páirtaimseartha den Bhinse in 2024

Comhalta den Bhinse	Dáta is Déanaí a Ceapadh	Líon na gCinntí a Eisíodh
1. John Buckley, B.L. (Lánaimseartha)	03/09/2021	124
2. Agnes McKenzie, B.L. (Lánaimseartha)	04/09/2021	127
3. Emma Toal, B.L. (Lánaimseartha)	24/04/2023	108
4. Ciara Bannerman, B.L.	07/06/2023	14
5. Emma Barry, B.L.	27/08/2024	0
6. Niall Beirne, S.C.	07/06/2023	0
7. James Benson, B.L.	27/08/2024	0
8. Stephen Boggs, B.L.	07/06/2023	14
9. Kirk Boylan, B.L.	27/08/2024	0
10. Maeve Boyle, B.L.	07/06/2023	3

## 6.1. Cinntí arna n-eisiúint ag Comhaltaí lánaimseartha agus páirtaimseartha den Bhinse in 2024 (ar aghaidh)

Comhalta den Bhinse	Dáta is Déanaí a Ceapadh	Líon na gCinntí a Eisíodh
11. Alan Brady, B.L.	07/06/2023	9
12. Simon Brady, B.L.	14/09/2020	7
13. Keith Branagan, B.L.	27/08/2024	0
14. Bríd Breathnach, Aturnae	27/08/2024	1
15. James Bridgeman, S.C.	27/08/2024	0
16. Fiona Browne, Aturnae	27/08/2024	0
17. Margaret Browne, B.L.	07/06/2023	120
18. Alison de Bruir, B.L.	27/08/2024	0
19. Eoin Byrne, B.L.	07/06/2023	53
20. Mark Byrne, B.L.	07/06/2023	99
21. Allen Cansick, B.L.	07/06/2023	2
22. Kathy Casey, B.L.	27/08/2024	0
23. William Cleary, B.L.	27/08/2024	5
24. Catherine Cosgrave, Aturnae	27/08/2024	0
25. Peter Cronin-Burbridge, B.L.	07/06/2023	21
26. Siobhan Cullen, Aturnae	07/06/2023	18
27. Brian Cusack, B.L.	07/06/2023	53
28. Arthur Cush, B.L.	07/06/2023	27
29. James Daly, B.L.	27/08/2024	0
30. Sharon Dillon-Lyons, B.L.	07/06/2023	34
31. Steven Dixon, B.L.	07/06/2023	20
32. Leonora Doyle, Aturnae	07/06/2023	63
33. Mary Durkan, B.L.	27/08/2024	0
34. Robert Eagar, iar-Bhreitheamh Cúirt Uachtarach na hÉireann <sup>6</sup>	27/08/2024	0
35. Miranda Egan-Langley, B.L.	07/06/2023	55
36. Mary Forde, Aturnae	07/06/2023	41
37. Úna Glazier-Farmer, B.L.	27/08/2024	0
38. Paul Gormley, B.L.	27/08/2024	0
39. Denis Halton, B.L.	07/12/2020	0

<sup>6</sup> In memoriam. Baineadh geit mhór as gach aon duine ag an mBinse ar scéala a fháil faoi bhás anabái ár gcomhghleacaí Robert Eagar, iar-Bhreitheamh d'Ard-Chúirt na hÉireann, i Samhain 2024. Bhí an-fháilte roimh a cheapachán ar an mBinse agus bhraitheamar faoi phribhléid go raibh dlíodóir a raibh an mianach eisceachtúil sin ann tagtha in éineacht linn. Táimid ag smaoineamh i gcónaí ar bhean chéile an Bhreithimh Eagar, Monica, ar a n-iníonacha Katie agus Sara, agus ar a muintir.

## 6.1. Cinntí arna n-eisiúint ag Comhaltaí lánaimseartha agus páirtaimseartha den Bhinse in 2024 (ar aghaidh)

Comhalta den Bhinse	Dáta is Déanaí a Ceapadh	Líon na gCinntí a Eisiódh
40. Grace Hogan, B.L.	27/08/2024	0
41. Matthew Holmes, B.L.	07/06/2023	40
42. Christopher Hughes, B.L.	07/06/2023	12
43. Maura Hutchinson, Aturnae	07/06/2023	0
44. Ciaran Joyce, B.L.	07/06/2023	44
45. Sarah Kearney, B.L.	07/06/2023	62
46. Jacqueline Kelly, B.L.	07/06/2023	3
47. Paul Kerrigan, Aturnae	27/08/2024	79
48. Michael Kinsley, B.L.	07/06/2023	16
49. Folasade Bola Kuti-Olaniyi, Aturnae	07/06/2023	4
50. Lorraine Lally, B.L.	07/06/2023	0
51. Evelyn Larney, Aturnae	07/06/2023	2
52. Alex Layden, B.L.	07/06/2023	55
53. Kevin Lenahan, B.L.	07/12/2020	0
54. Evelyn Leyden, Aturnae	07/06/2023	5
55. Robert Lowe, B.L.	07/06/2023	276
56. Theresa Lowe, B.L.	27/08/2024	2
57. Dermot Manning, B.L.	07/06/2023	41
58. Danny Mason, B.L.	27/08/2024	2
59. Ciaran McCarthy, B.L.	07/06/2023	40
60. Claire McCarthy, Aturnae	27/08/2024	4
61. John McDaid, Aturnae	27/08/2024	1
62. Anne McElligott, B.L.	27/08/2024	11
63. Robert McGarr, B.L.	27/08/2024	0
64. Michael McGrath, S.C.	07/06/2023	118
65. Seán Michael McHale, B.L.	27/08/2024	0
66. Fiona McMorrow, B.L.	27/08/2024	6
67. Stuart McTaggart, B.L.	27/08/2024	0
68. Frances Meenan, S.C.	27/08/2024	0
69. Elizabeth Mitrow, B.L.	27/08/2024	48
70. Aisling Mulligan, B.L.	07/06/2023	7
71. Helen Murray, B.L.	07/06/2023	16

## 6.1. Cinntí arna n-eisiúint ag Comhaltaí lánaimseartha agus páirtaimseartha den Bhinse in 2024 (ar aghaidh)

Comhalta den Bhinse	Dáta is Déanaí a Ceapadh	Líon na gCinntí a Eisiódh
72. Úna Ní Chatháin, B.L.	27/08/2024	0
73. John Noonan, B.L.	07/06/2023	393
74. Cormac Ó Dúlacháin, S.C.	07/06/2023	61
75. Martin O'Brien, B.L.	27/08/2024	0
76. Zeldine O'Brien, B.L.	07/06/2023	36
77. Claire O'Connor, B.L.	27/08/2024	0
78. Eoin O'Connor, B.L.	27/08/2024	0
79. James O'Connor, B.L.	27/08/2024	8
80. Gerard O'Donovan, B.L.	12/12/2020	2
81. Bríd O'Flaherty, B.L.	07/06/2023	11
82. Fidelma O'Hagan, Aturnae	27/08/2024	0
83. Patricia O'Sullivan Lacy, B.L.	07/06/2023	2
84. Noel Phoenix, Aturnae	27/08/2024	0
85. Lalita Pillay, B.L.	07/12/2020	0
86. Brenda Power, B.L.	27/08/2024	0
87. Michelle Pratley, B.L.	27/08/2024	0
88. Andrew Robinson, B.L.	27/08/2024	39
89. Nicholas Russell, B.L.	07/06/2023	133
90. Andrew Sexton, S.C.	07/06/2023	45
91. Shereen Shafaatulla, Aturnae	27/08/2024	13
92. Áine Shannon, B.L.	27/08/2024	0
93. Moira Shipsey, Aturnae	07/06/2023	46
94. Mairead Smith, B.L.	07/06/2023	46
95. Elizabeth Spelman, Aturnae	27/08/2024	0
96. John Stanley, B.L.	27/08/2024	14
97. Kenneth Togher, B.L.	27/08/2024	0
98. Michael Tuite, S.C.	27/08/2024	0
99. Majella Twomey, B.L.	07/06/2023	56
100. Ciaran White, B.L.	07/06/2023	25
101. Joanne Williams, B.L.	07/06/2023	38
102. Ian Woodland, B.L.	27/08/2024	0
<b>Móriomlán</b>	-	<b>2880</b>

## 7. Staidreamh

### 7.1. Achoimre – Líon Cásanna an Bhinse 2024

<b>2024</b>	
Achomhairc a Fuarthas	8835
Cásanna Sceidealaithe	2833
Cinntí a Eisíodh	2887
Líon Achomharc a Cuireadh i gCrích	3098
Achomhairc Bheo ar Láimh ag Deireadh na Bliana	9705

### 7.2. Achoimre – Cineálacha Achomharc a Fuarthas in 2024

<b>Cineál Achomhairc</b>	<b>Achomhairc a Fuarthas</b>
Gach Achomharc um Chosaint Idirnáisiúnta	8032
Achomhairc Neamh-inghlactha	349
Achomhairc ina Dhiaidh Sin	161
Achomhairc Rialachán Bhaile Átha Cliath III	272
Dálaí Glactha	21
<b>Móriomlán</b>	<b>8835</b>


### 7.3. Gach Achomharc a Fuarthas in 2024

Gach Achomharc a Fuarthas in 2024							
Mí	Gach Achomharc um Chosaint Idirnáisiúnta		Achomhairc Rialachán Bhaile Átha Cliath III	Achomhairc Neamh-inghlacthachta (alt 21)	Achomhairc ina Dhiaidh Sin (alt 22)	Achomhairc maidir le Dálaí Glactha	Móri-omlán
	Achomharc Luathaithe IP	Achomharc Substainteach IP					
Ean	158	227	17	17	0	2	421
Feab	281	352	14	26	2	1	676
Mar	222	264	9	53	1	0	549
Aib	240	232	18	69	6	1	566
Beal	261	245	33	53	6	3	601
Meith	257	298	10	26	7	2	600
Iúil	218	500	3	23	11	4	759
Lún	227	578	25	19	18	0	867
MFóm	122	565	46	12	13	1	759
DFóm	151	726	36	15	28	0	956
Sam	152	780	40	19	41	5	1037
Noll	118	858	21	17	28	2	1044
<b>Móri-omlán</b>	<b>8032</b>		<b>272</b>	<b>349</b>	<b>161</b>	<b>21</b>	<b>8835</b>

## 7.4. Líon na nÉisteachtaí a bhí Sceidealaithe in 2024

Mí	Líon na nÉisteachtaí a bhí Sceidealaithe
Eanáir	256
Feabhra	249
Márta	241
Aibreán	250
Bealtaine	255
Meitheamh	216
Iúil	220
Lúnasa	176
Meán Fómhair	251
Deireadh Fómhair	256
Samhain	235
Nollaig	228
<b>Móriomlán</b>	<b>2833</b>

### Éisteachtaí Sceidealaithe de réir na Míosa in 2024




## 7.5. 'Daoine nár Tháinig' agus Aistarraingtí/Aistarraingtí Measta 2024

2024	Líon na nAchomharc
Daoine nár Tháinig	64
Aistarraingtí/Aistarraingtí Measta Achomharc	211


## 7.6. An Líon a Cuireadh Siar agus a Cuireadh ar Atráth

2024	Líon na nAchomharc
Achomharc a Cuireadh ar Atráth	26
Achomharc a Cuireadh Siar	274
Achomharc AV a Cuireadh ar Atráth	68
Achomharc AV a Cuireadh Siar	787
<b>Móriomlán</b>	<b>1155</b>

Toradh le haghaidh Cásanna Sceidealaithe ar an Láthair do 2024



## Toradh le haghaidh Cásanna Sceidealaithe AV ar an Láthair do 2024



## 7.7. Líon na gCinntí a Eisíodh in aghaidh na Míosa

Mí a Eisíodh in 2024	Líon na gCinntí a Eisíodh
Eanáir	172
Feabhra	236
Márta	214
Aibreán	277
Bealtaine	267
Meitheamh	178
Iúil	311
Lúnasa	226
Meán Fómhair	196
Deireadh Fómhair	301
Samhain	332
Nollaig	177
<b>Móriomlán</b>	<b>2887</b>

## 7.8. Gach Cinneadh a Eisíodh in 2024

Gach Achomharc a Cinneadh in 2024							
Mí	Gach achomharc um Chosaint Idirnáisiúnta		Achomhairc Rialachán Bhaile Átha Cliath III	Achomhairc Neamh-inghlacthachta (alt 21)	Achomhairc ina Dhiaidh Sin (alt 22)	Achomhairc maidir le Dálaí Glactha	Móri-omlán
	Achomharc Luathaithe IP	Achomharc Substainteach IP					
Ean	74	81	8	8	1	0	172
Feab	113	104	8	8	0	3	236
Mar	102	99	5	7	1	0	214
Aib	138	125	7	7	0	0	277
Beal	157	98	4	7	0	1	267
Meith	91	78	2	4	0	3	178
Iúil	190	102	2	12	2	3	311
Lún	100	115	1	7	0	3	226
MFóm	98	83	1	14	0	0	196
DFóm	165	123	3	10	0	0	301
Sam	190	117	7	13	3	2	332
Noll	90	72	4	9	0	2	177
<b>Móri-omlán</b>	<b>1508</b>	<b>1197</b>	<b>52</b>	<b>106</b>	<b>7</b>	<b>17</b>	<b>2887</b>

## 7.9. Achoimre ar Achomhairc ar Feitheamh an 31 Nollaig 2024

Cineál Achomhairc	Líon ar Feitheamh
Gach achomharc um Chosaint Idirnáisiúnta	8831*
Achomhairc Neamh-inghlactha	381
Achomhairc Rialachán Bhaile Átha Cliath III	330
Achomhairc ina Dhiaidh Sin	161
Achomhairc maidir le Dálaí Glactha	2
<b>Móriomlán</b>	<b>9705</b>

\* Achomhairc Shubstainteacha IP 6250 agus Achomharc Luathaithe IP 2581


## 7.10. Fad an Phróisis Achomhairc

<b>Amanna Próiseála Airmheánacha i míonna</b> (maidir le cinntí a eisíodh in 2024 ón dáta 'Glacadh leis an Achomharc' go dtí an dáta 'Cinneadh Achomharc')		
<b>Cineál Achomhairc</b>	<b>Airmheánach</b>	<b>Líon na nAchomharc</b>
Achomhairc Shubstainteacha IP	10	1197
Achomhairc Luathaithe IP	10	1508
Achomhairc ina Dhiaidh Sin	6	7
Achomhairc Neamh-inghlactha	10	106
Achomhairc Rialachán Bhaile Átha Cliath III	10	52
<b>Iomlán</b>	<b>10</b>	<b>2870</b>

<b>Amanna Próiseála Airmheánacha i míonna</b> (maidir le hAchomhairc a Taisceadh agus a cinneadh in 2024 ón dáta 'Glacadh leis an Achomharc' go dtí an dáta 'Cinneadh Achomharc')		
<b>Cineál Achomhairc</b>	<b>Airmheánach</b>	<b>Líon na nAchomharc</b>
Achomhairc Shubstainteacha IP	5	100
Achomhairc Luathaithe IP	7	152
Achomhairc ina Dhiaidh Sin	3	4
Achomhairc Neamh-inghlactha	7	21
Achomhairc Rialachán Bhaile Átha Cliath III	0	0
<b>Iomlán</b>	<b>6</b>	<b>277</b>

## 7.11. Achomhairc Shubstainteacha um Chosaint Idirnáisiúnta a Glacadh in 2024 de réir Tír Thionscnaimh

Achomhairc ar Glacadh leo a Fuarthas de réir Tíre Tionscnaimh




An tSeoirsia	20%	An Afganastáin	4%
An Nigéir	18%	An Iordáin	3%
An Ailgéir	14%	An tSomáil	3%
An Afraic Theas	6%	An Éigipt	3%
An tSiombáib	5%	Eile	20%
An Bhotsuáin	4%		

## 7.12. Achomhairc Nós Imeachta Aonair um Chosaint Idirnáisiúnta 2024 (Toradh na nAchomharc)

Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta 2024			
Deonaithe/Curtha i Leataobh – Tearmann	Deonaithe/Curtha i Leataobh – Cosaint Choimhdeach (SP)	Iomlán a Deimhníodh	Iomlán na gCinntí
676	80	1949	2705
<b>25%</b>	<b>3%</b>	<b>72%</b>	<b>100%</b>

## 7.13. Anailís ar Mholtaí Nós Imeachta Aonair Deimhnithe um Chosaint Idirnáisiúnta 2017 go 2024

Anailís ar Chinntí Deimhnithe Nós Imeachta Aonair IP



## 7.14. Achoimre ar Chinntí Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta de réir na tíre náisiúntachta – deimhnithe agus curtha ar leataobh in 2024


Náisiúntacht	Móriomlán	Deonaithe/ Curtha i Leataobh	Diúltaithe/ Deimhnithe	% Iomlán na gCinntí a Cuireadh ar Leataobh	% Iomlán na gCinntí a Deimhníodh
An tSeoirsia	1130	178	952	16%	84%
An Afraic Theas	271	80	191	30%	70%
An Nigéir	263	104	159	40%	60%
An tSiombáib	218	127	91	58%	42%
An Ailgéir	217	13	204	6%	94%
An Albáin	103	16	87	16%	84%
An Bhotsuáin	84	39	45	46%	54%
An tSomáil	66	48	18	73%	27%
Poblacht Dhaonlathach an Chongó	36	22	14	61%	39%
An Éigipt	34	3	31	9%	91%
Eile	283	126	157	45%	55%
<b>Móriomlán</b>	<b>2705</b>	<b>756</b>	<b>1949</b>	<b>28%</b>	<b>72%</b>

## 7.15. Cinntí Rialachán Bhaile Átha Cliath III a Deimhníodh agus a Cuireadh i Leataobh in 2024

Cineál Achomhairc	Deimhnithe		Curtha i Leataobh		Iomlán	
	Líon na gCinntí	%	Líon na gCinntí	%	Líon na gCinntí	%
Baile Átha Cliath III	41	79%	11	21%	52	100%

## 7.16. Anailís ar Chinntí Rialachán Bhaile Átha Cliath 2015 go 2024

### Anailís ar Chinntí Deimhnithe Rialachán Bhaile Átha Cliath



## 7.17. Cinntí Neamh-inghlacthachta a Deimhníodh (alt 21)

Cineál Achomhairc	Deimhnithe		Curtha i Leataobh		Iomlán	
	Líon na gCinntí	%	Líon na gCinntí	%	Líon na gCinntí	%
Achomharc Neamh-inghlactha	57	54%	49	46%	106	100%

## 7.18. Cinntí Iarratais ina Dhiaidh sin a Deimhníodh (alt 22)

Cineál Achomhairc	Deimhnithe		Curtha i Leataobh		Iomlán	
	Líon na gCinntí	%	Líon na gCinntí	%	Líon na gCinntí	%
Achomharc ina Dhiaidh Sin	4	57%	3	43%	7	100%



**An Binse  
Achomhairc  
um Chosaint  
Idirnáisiúnta**

6/7 Hanover Street East  
Dublin, D02 W320  
Ireland

Glaos saor in aisce: 1800 201 458  
info@protectionappeals.ie

[www.protectionappeals.ie](http://www.protectionappeals.ie)

